

Fáiltiú an Chathaoirligh:

Cuir baill an bhoird agallaimh in aithne don iarratasóir agus mínigh leagan amach an agallaimh. Deimhnigh an cineál folúntais agus dáta tosaithe an ról leis an iarratasóir.

Ceist Riachtanach:

An mbeidh tú sásta tabhairt faoi fhorbairt ghairmiúil sa Ghaeilge má iarrtar ort?

1. An Duine Féin, Cailíochtaí & Stair Oibre

- Abair linn píosa beag mar gheall ort féin.
- Conas a dhéanfá cur síos ort féin mar mhúinteoir?
- Cad a bhíonn i gceist le “scoil mhaith”?
- Cén fáth a bhfuil tú ag iarraidh obair sa scoil áirithe seo?
- Cén fáth ar thug tú faoin múinteoireacht?
- Cá bhfeiceann tú tú féin faoi cheann 5 bliana?
- Dá mba rud é gur shiúil mé isteach i do sheomra ranga ceacht den scoth idir láimhe, céard a d’fheicfinn agus céard a chloisfinn?
- An mbeifeá sásta gach rang a mhúineadh?
- An múinteoir solúbtha tú? Má tá, mínigh cén chaoi?
- Cé na laigí atá agat a d’fhéadfadh drochthionchar a imirt sa seomra ranga?
- Cé na láidireachtaí agus na laigí atá agat?
- Cé na cuspóirí gur mhaith leat a bhaint amach faoi Oíche Shamhna le do rang?
- Cén t-ábhar is fearr leat a mhúineadh agus cén fáth?
- Cé na hábhair is lú spéise atá agat iontu?
- Cén caighdeán Gaeilge atá agat?
- Inis dúinn faoi aon bhua speisialta atá agat. Conas a d’úsáidfeá an bua/scil seo chun cur leis an scoil?
- An dtabharfá linn tríd do CV le do thoil?
- Déan cur síos ar do thaithí múinteoireachta. Cé na ranganna a thaitin leat agus tú ar chleachtadh múinteoireachta / i do thaithí sa seomra ranga? Cén fáth?
- An bhfuil aon chúrsaí breise déanta agat a chabhródh leat mar mhúinteoir?
- Cé na cúrsaí CPD atá bainte amach agat go dtí seo & cé na cúrsaí gur mhaith leat tabhairt fúthu?
- Cén réimse den churaclam a bhainfeá tairbhe as tuilleadh traenála ann?

2. Gaeloideachas & An Cultúr Gaelach:

- Tumoideachas iomlán atá in úsáid sa scoil seo. Cén tuiscint atá agat ar an tumoideachas?
- Conas a thugann tú faoi Bhéarla a mhúineadh i nGaelscoil?

- Cén fáth a bhfuil tumoideachas i bhfeidhm sa scoil seo, meas tú?
- Cé na buntáistí do dhaltaí a bhaineann le múnla an tumoideachais?
- Cad iad na deacrachtaí is mó do mhúinteoir ag tumadh i Naíonáin Shóisireacha dar leat?
- Tá Gaeilge i gcoilár na scoile. Conas a fhorbraíonn tú grá & bród don teanga i do rang agus ar scoil?
- Cé na freagrachtaí a thabharfá d'ardrang chun iad a spreagadh an Ghaeilge a úsáid níos minicí?

3. Múinteoireacht & Curaclam:

- Céard í an fhadhb is mó ar chas tú léi agus tú ag múineadh?
- Sa litearthacht, conas a mhúsclaíonn tú tuiscint sa léitheoireacht i do chuid múinteoireachta?
- Cad a dhéanann tú i do rang chun suim agus muinín sa Mhata a mhúscailt?
- Tá sé feicthe go mbíonn fadhbanna ag páistí le fadhbanna scríofa sa mhata. Conas a thabharfá faoin dúshlán seo a réiteach?
- Tá an curaclam páiste-lárnach. Conas a chinntíonn tú go bhfuil an páiste lárnach ina f(h)oghlaim féin?
- Cad é do thuairimí ar obair bhaile? Conas a dhéanann tú idirdhealú ar an obair bhaile do pháistí le riachtanais difriúla sa rang? An bhfuil fiúntas ag baint leis?
- An bhfuil tábhacht ag baint leis na hamharcealaíona, Spórt, Eolaíocht &rl? Cén fáth?
- Tá an bhéim tar éis bogadh ó cad atá á mhúineadh sa rang go cad atá foghlamtha sa rang. Conas a chinntíonn tú féin go bhfuil gach páiste ag foghlaim?
- Tá an-bhéim ar OSPS sa churaclam. An bhfuil aon chúrsaí traenála déanta agat i Misneach, Bí Slán, Caomhnú Páistí &rl? An mbeifeá sásta freastal ar chúrsaí dá mbeadh siad ar fáil?
- Cén fáth a mbímid ag múineadh (stair/ealaín/&rl) i scoileanna?
- Bíonn Cláir Bhána Idirghníomhacha in úsáid anseo. Cén scileanna ríomhaireachta atá agat? Conas a d'úsáidfeá ríomhaire sa seomra ranga / i do chuid ullmhúcháin?
- Cén cur amach atá agat ar an gcuraclam bunscoile nua? An bhfuil aon aiseolas agat ina leith?

4. Pleanáil:

- Cén tuiscint atá agat mar mhúinteoir nuacháilithe ar na riachtanais phleanála a bheadh ort?
- Cén tábhacht don mhúinteoir a bhaineann le hullmhúchán agus le heagrú ranga?
- Tá a lán páipéarachais ag baint le phost an mhúinteora idir phleanáil, measúnú agus eile. An duine eagraithe tú?
- Conas a thugann tú faoi do phleanáil?
- Conas a úsáideann tú an curaclam i do phleanáil?
- An mbeidh pleanáil agus cuntais míosúla &rl. istigh in am agat?
- Conas a thabharfá faoi do seomra ranga a ullmhú roimh an chéad lá scoile?

- Mura mbeidh feabhas léirithe ag dalta tar éis do phleanála, meantóireacht & measúnú, cad í an chéad chéim eile?

5. Tuismitheoirí:

- Conas a d'fhéadfaí tuismitheoirí a choinneáil páirteach i saol na scoile agus iad a spreagadh le páirt a ghlacadh in oideachas a bpáistí?
- Tagann tuismitheoirí isteach crosta faoi fadhbanna ó am go ham. Inis dom faoi am a raibh ort déileáil le tuismitheoir a bhí crosta.
- Má thagann tuismitheoir chuig do rang chun gearán a dhéanamh agus ceacht ar siúl, cad a dhéanfá?
- Cén tábhacht a bhaineann le tuismitheoirí sa chóras oideachais dar leat?

6. Daltaí – Idirhealú, Measúnú, Iompar:

- Inis dúinn faoi seifteanna atá úsáidte agat chun déileáil le difríochtaí cumais.
- An aontaíonn tú le rialacha ranga a úsáid? Ar úsáid tú cheana iad?
- Cad iad freagrachtaí na múinteoirí a bhaineann le córas smachta éifeachtach ar scoil?
- I do thaithí féin, cén córas measúnaithe, taobh amuigh de na scrúduithe caighdeánaithe atá úsáidte agat chun dul chun cinn na bpáistí a mheas agus a chlárú? Cén úsáid a bhaineann tú as eolas a bhailíonn tú ar an gcaoi seo?
- Conas a chinntíonn tú go bhfuil gach páiste ag obair ag an leibhéal is fearr dóibh?
- Cén córas measúnaithe a bheadh in úsáid agat? Conas a úsáideann tú torthaí do mheasúnuithe?
- Conas a dhéanfá rang ilghrádach a bhainistiú?
- Cé na stráitéis a bheadh in úsáid agat chun plé le dalta a bhíonn ag cur isteach ar cheacht go rialta?
- Conas a théann tú i ngleic le bulaíocht?
- Má tá dalta nó daltaí i do rang agus drochiompar leanúnach ar siúl acu, conas a rachfá i ngleic leis?
- Mura bhfuil ag éirí le do stráitéisí le drochiompar a bhainistiú, céard a dhéanfá?

7. Polasaithe, Cosaint Leanaí & Oideachas Speisialta:

- Cad iad an chéad trí pholasaí a bheadh á lorg agat uainn chun cabhrú leat bheith mar mhúinteoir éifeachtach sa scoil seo?
- Cén t-eolas eile a bheadh úsáideach duit agus tú ag tosú i bpost nua i scoil nua?
- Conas a chuireann tú tú féin ar an eolas maidir le polasaithe scoile?
- Mura n-aontaíonn tú le cur chuige éigin i bpolasaí scoile, cad a dhéanann tú?
- Cén tuiscint atá agat ar chúrsaí Chosaint Leanaí ar scoil? Cé na dualgais a bheadh ort?
- Conas a bheifeá ag plé le dalta a bhí gortaithe sa chlós agus tú ar mhaoirseacht?
- An bhfuil aon taithí agat ag obair le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu?
- An mbeadh spéis agat a bheith i do Mhúinteoir Tacaíocht Foghlamtha?
- Cén taithí atá agat le hAistear?

- Conas a thacófá le dalta le riachtanais speisialta agus tú i do mhúinteoir ranga príomhshrutha?
- Cé na buntáistí a bhaineann le comh-mhúinteoireacht?

8. Cúrsaí Foirne & Ról:

- Cad é ról an Phríomhoide sa scoil?
- Conas is féidir leat mar mhúinteoir agus mar bhall foirne, tacú leis an bPríomhoide?
- Céard é ról an phátrúin? Cén eagraíocht atá mar phátrún ar an scoil seo?
- An gceapann tú go bhfuil sé ceart páiste nó fadhb ranga a phlé sa seomra foirne? Cén fáth?
- Conas a dhéanfá gaol a chothú leis na baill eile den fhoireann?
- Dá mbeadh fadhb agat le múinteoir eile ar an bhfoireann, cad a dhéanfá faoi?
- Conas a théann tú i ngleic le coimhlint?
- An imreoir foirne ar gach bealach tú?
- Cad é ról an Cúntóir Riachtanais Speisialta?

9. Éiteas:

- Is scoil le éiteas xxx muid. An bhfuil tú sásta tacú leis an éiteas seo?
- Conas a thabharfá faoi éiteas teanga & éiteas creidimh na scoile a chur chun cinn sa ról seo?
- Má tá tú ag plé le daltaí sa chlós a bhí in adharca a chéile, conas is féidir leat nasc a chruthú le héiteas na scoile leis an dúshlán a réiteach?
- Caitliceach: Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach dúinn mar scoil le héiteas Caitliceach tacú le forbairt an chreidimh sin?
- Idirchreidmheach: Cad a dhéanfaidh tú le cinntiú go mbeidh an clár Protastúnach mar aon leis an gclár Caitliceach clúdaithe i do rang?
- Caitliceach/Idirchreidmheach: An bhfuil aon taithí agat daltaí a ullmhú do na sacraimintí?
- Ilchreidmheach: Cé na háiseanna a bheidh ar fáil duit tabhairt faoi cheachtanna a ullmhú?
- Ilchreidmheach: An bhfuil aon taithí agat ócáidí uile scoile a eagrú?

10. Scoil DEIS:

- Cén tuiscint atá agat ar scoil DEIS?
- Cé na dúshláin & cé na deiseanna breise a thagann le scoil DEIS?
- Cén ról a bheadh agat mar mhúinteoir ranga ag plé leis an múinteoir caidrimh baile?
- An bhfuil aon eolas agat faoi:
 - Reading Recovery / First Steps
 - Maths Recovery / Ready Steady Maths / Maths for Fun

11. Scoil atá ag forbairt:

- Inis dúinn faoi aon bhua speisialta atá agat. Conas a d'úsáidfeá an bua/scil seo chun cur leis an scoil? An cabhair duit an scil seo sa seomra ranga?
- Cén bua breise gur féidir leatsa a thabhairt dár scoil chun cabhrú léi fás agus forbairt?
- Cén fíis a bheadh agat don scoil seo amach anseo?
- Tá líon na bpáistí ag fás go fóill sa scoil. Cé na tréithe/scileanna atá agat a chuirfeadh leis an scoil?
- Conas a chuirfeá le pobal scoile a chruthú?
- An bhfuil aon taithe agat a bheadh cabhrach dúinn ár scoil a chur i mbéal an phobail?

Críoch:

- An bhfuil aon cheist agat féin nó an bhfuil aon rud eile gur mhaith leat a rá linn?
- Cén fáth gur cheart dúinn an post seo a thabhairt duitse thar aon duine eile?